# Sonraí agus seans: Sonraí – Moltaí don fhoghlaim sa bhaile


## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach foghlaim faoi shonraí?

Gach lá cuireann na meáin, miondíoltóirí agus foinsí eile faisnéis agus sonraí i láthair orainn. Ní mór scileanna a bheith ag páistí chun sonraí a léiriú, a léamh, a léirmhíniú agus breithiúnais a dhéanamh orthu. Réimse den mhatamaitic is ea sonraí a théann i bhfeidhm ar ár saol laethúil agus ar ár gcinnteoireacht.

### SMAOINTE CHUN TACÚ LEIS AN BHFOGHLAIM

- B'fhéidir gur mhaith le páistí a bhfuil spéis acu i spóirt ar leith sonraí a thiomsú bunaithe ar a gcuid spéise, m.sh., sonraí maidir le cúil a scóráladh, cluichí buaite, cluichí a cailleadh agus cluichí cothroma.
- Cuireann comórtais amhail na Cluichí Oilimpeacha deiseanna ar fáil sonraí boinn a thiomsú.
- Labhair le do pháiste faoi thacair sonraí nuair a bhíonn siad sna nuachtáin nó nuair a thuairiscítear iad sna meáin. Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar na daoine a bhfuil an fhaisnéis seo ag teastáil uathu agus cé hiad sin? Cé leis a bhfuil sé tábhachtach? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach?
- Gach 7 mbliana, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) an daonáireamh oifigiúil. Bíodh do pháiste páirteach sa phróiseas um fhaisnéis a bhailiú. Cén fáth a bhfuil an fhaisnéis seo tábhachtach? Cé leis a bhfuil sé tábhachtach? Tá uirlisí léirshamhlaithe spéisiúla ar fáil ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh freisin is féidir a úsáid chun sonraí a fhiosrú amhail an tóir a bhí ar ainmneacha linbh, dátaí breithe is coitianta, srl.
- Spreag do pháiste chun sonraí a bhailiú ó thaithí laethúil, amhail líon na laethanta grianmhara a rianú in aghaidh líon na laethanta báistí, nó na cineálacha éan a fheictear sa chlós cúil. Coinnigh cairt scóir shimplí nó breac do thuairimí i ndialann.
- Tabhair deiseanna do do pháiste rudaí a shórtáil agus a rangú sa bhaile, mar shampla éadaí a eagrú de réir datha, leabhair de réir seánra, nó earraí grósaera de réir cineáil.
- Úsáid gníomhaíochtaí grafála chun sonraí a léirshamhlú amhail na dathanna is fearr leo, peataí a bhfuil faoi úinéireacht acu, nó cineálacha torthaí a itear thar sheachtain. Pléigh na torthaí agus cad a léiríonn siad.
- Bíodh do pháiste páirteach i suirbhéanna nó i bpobalbhreitheanna fíorshaoil simplí laistigh de do theaghlach nó de do phobal.
- Tóg do pháiste ar thurais allamuigh nó ar shiúlóidí dúlra áit ar féidir leo sonraí a bhreathnú agus a bhailiú ar an láthair. D'fhéadfaidís líon na n-éan ag beathadán éan a chomhaireamh, airde na gcrann a thomhas, nó an teocht a rianú i rith an lae.
- Spreag do pháiste chun ceisteanna a chur agus coincheapa matamaitice a bhaineann le sonraí a fhiosrú. Cruthaigh timpeallacht thacúil ina mothaíonn siad ar a gcompord ag baint triail as uimhreacha, ag déanamh tuartha, agus ag teacht ar chonclúidí bunaithe ar fhianaise.






### LEABHAIR

- *Tally O'Malley*, Stuart J. Murphy, 6+ bliana d'aois
- *Lemonade for Sale*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Sir Cumference and the Off-the-Charts Dessert*, Cindy NNeuschwander, 7+ mbliana d'aois
- *The Grizzly Gazette*, Stuart J. Murphy, 7+ mbliana d'aois
- *Less Than Zero*, Stuart J. Murphy, 8+ mbliana d'aois

** Cuireann do leabharlann áitiúil réimse leathan leabhar agus acmhainní ar fáil saor in aisce a thacaíonn le foghlaim mhatamaiticiúil na bpaistí a fhorbairt.*

### CLUICHÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ


- Úsáid scóir agus tú ag cur gníomhaíochtaí i gcrích amhail cóisir a phleanáil, imeachtaí a eagrú nó cuntas a choinneáil ar thorthaí cluichí amhail Cloch, Páipéar, Siosúr.
- Spreag na páistí chun tacair sonraí a chruthú bunaithe ar a gcuid leasanna, m.sh., *picteagram bunaithe ar na cineálacha bréagán atá acu m.sh., 5 bhábóg, 8 dteidí, 10 leabhar*.



## AG FOGHLAIM AR LÍNE


- Help My Kid Learn www.helpmykidlearn.ie
- Scoilnet https://www.scoilnet.ie/ga/bunscoil/theme-pages/mathematics/
- Seachtain Mhatamaitice na hÉireann – Zón na dTuismitheoirí www.mathsweek.ie
- Maths Eyes https://haveyougotmathseyes.com/


***Téarmaí úsáideacha le cuardach ar líne:*** *sonraí, foghlaim, bunscoil, matamaitic, scóir, picteagraim, blocghraif, barrachairteacha, treoghraif, suirbhéanna, sonraí a léiriú, sonraí a anailísiú, cluichí, gníomhaíochtaí*





## EALAÍONA AGUS CEARDAÍOCHT


- Úsáid earraí ón ngairdín nó ón bpáirc chun graf amhairc a thiomsú. Sampla de seo is ea picteagram d'earraí a fuarthas ar shiúlóid dúlra, m.sh., *dearcáin, duilleoga, buaircíní giúise*. An bhfuil aon bhealach eile ann chun na hearraí a fhaightear a thaispeáint ar bhealach fisiúil agus cruthaitheach?
- Dear agus tóg struchtúir 3T chun sonraí a léiriú agus a chur in iúl. Mar shampla, cruthaigh barrachairt, treoghraf, nó píchairt 3T.
- Scrúdaigh tréithe na n-ábhar de réir datha, uigeachta, crutha, srl. agus sórtáil iad sin dá réir.
- Dear grafaicí eolais chun sonraí a léiriú ar bhealach tarraingteach ó thaobh amhairc de agus chun príomhtheachtaireachtaí a eascraíonn as na sonraí a chur in iúl go héifeachtach.
- Scrúdaigh saothair ealaíontóirí cáiliúla agus déan sonraí ina leith sin a thaifeadadh. Mar shampla, fiosraigh ábhair a gcuid saothair (daoine, nádúr, srl.) nó an pailéad dathanna, teicnící líníochta a mbaineann siad úsáid astu. Úsáid na sonraí seo chun saothair ealaíne a chruthú i stíl ealaíontóirí éagsúla.






## DO CHUID SMAOINTE FÉIN








Arna fhorbairt i gcomhar le **Ann Hogan, Múinteoir Bunscoile, Co. Thiobraid Árann**